Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8656/22**

**AGRI 165**
**DELACT 73**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Talmhaíochta |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8124/22 |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin<br>*– Rún gan aon agóid a dhéanamh* |

1. An 8 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha[1].

2. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht an mhír ar chlár oibre chruinniú CST an 2 Bealtaine 2022. D'fhormheas CST go gcuirfí an cinneadh gan cur i gcoinne an Rialacháin Tharmligthe ar an gclár oibre mar mhír 'A'.

3. Dá bhrí sin, molann CST don Chomhairle a dhearbhú nach bhfuil sé ar intinn aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin. Ciallaíonn sé sin go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina choinne.

---

[1] IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.